Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15446/17**

**FISC 347**
**ECOFIN 1093**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14789/17 |
| Ábhar: | An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)<br>– Conclúidí ón gComhairle (5 Nollaig 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), a ghlac an Chomhairle ag an 3582ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 5 Nollaig 2017.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**

Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

– cuireann sí in iúl gur díol sásaimh di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na hEastóine mar a leagtar amach ina tuarascáil (14784/17 FISC 300 ECOFIN 999);

– iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar reo na gníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar agus iarrann sí ar an Meitheal leanúint den obair faoi Phacáiste Oibre 2015 freisin;

– tugann sí dá haire an dul chun cinn a rinneadh maidir le córais na dticbhoscaí paitinní a chur i gcomhréir le cur chuige comhaontaithe an chumarphointe agus iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an bpróiseas sin;

– molann sí go mór don Bhallstát sin nach ndearna gníomhaíocht go fóill tús a chur lena chóras ticbhoscaí paitinne d'fhonn cur chuige an chumarphointe mhodhnaithe a chomhlíonadh a thúisce is féidir agus faoi dheireadh 2018 ar a dhéanaí;

– is díol sásaimh di a thabhairt dá haire an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair san obair leanúnach a rinne sí i gcomhthéacs na gConclúidí ón gComhairle an 8 Samhain 2016 maidir leis na critéir agus an próiseas i dtaca le bunú liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach, agus iarrann sí ar an Meitheal um an gCód Iompair leanúint den obair sin a dhéanamh, mar a leagtar amach sna [conclúidí ón gComhairle an 5 Nollaig 2017];

– formhuiníonn sí an 'Nóta treoirlíne maidir le léirmhíniú an cheathrú critéir' atá i gceangal leis an tuarascáil ón Meitheal um an gCód Iompair;

– formhuiníonn sí na Treoirlínte lena leagtar síos modhanna oibre chun faireachán éifeachtach a dhéanfaidh ar na Ballstáit agus an nóta treorach a comhaontaíodh á chomhlíonadh acu, atá i gceangal leis an tuarascáil ón Meitheal um an gCód Iompair, agus iarrann sí ar an meitheal um an gCód Iompair iad a chur chun feidhme go pras;

- athdhearbhaíonn sí a hiarraidh ar an gCoimisiún Eorpach féachaint ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte sin de chuid an Aontais a bhí ann go dtí seo maidir le saincheisteanna praghsála aistrithe i bhfianaise na tuarascála BEPS ECFE maidir le Gníomhaíochtaí 8-9-10 agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Meithle um an gCód Iompair agus comhairle a chur uirthi de réir mar is iomchuí;
- iarrann sí ar an Meitheal um an gCód Iompair leanúint den idirphlé maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal an Chóid Iompair maidir le Lichtinstéin, mar a leagtar amach sa tuarascáil, agus féachaint ar a riachtanaí atá sé go nglacfaí prionsabail an Chóid Iompair i dtríú tíortha;
- iarrann sí ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Bulgáire.